Píopaí Uisce

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoin droch-bhail atá ar phíopaí uisce na tíre. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigh na ceisteanna seo a leanas.

Cad is cúis le pléascadh na bpíopaí uisce dar leat?
An raibh fadhbanna agat féin le seirbhísí uisce le déanaí?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír, déan iarracht an leagan Gaeilge a mheaitseáil leis an leagan Béarla.

1. Inghlactha	a. Will be distributed
2. Lochtach	b. Preservation
3. Athbhreithniú	c. Acceptable
4. Caomhnú	d. Business People
5. Dáilfear	e. Multiplied
6. Méadófar	f. Review
7. Lucht gnó	g. Faulty

1	2	3	4	5	6	7

Ceist 3 Anois déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cé mhéad den uisce atá ag dul amú i gcontaetha Chorcaí agus Ros Comáin?
2. Cad is cúis leis?
3. Cé mhéad airgid atá curtha ar fáil don chóras píopaí uisce, leis an athbhreithniú?
4. Cad atá ar bun ag na hÚdaráis áitiúla?
5. Cén uair a fhógrófar na háiteanna a chaithfear an t-airgead?
6. Cé mhéad a chosnaíonn an córas uisce in aghaidh na bliana?

Ceist 4 **a. Aimsigh seacht sampla den bhriathar saor sa sliocht thíos.**

Bailítear aon cheathrú milliún ó tháillí uisce a ghearrtar ar lucht gnó. Meastar go dtosófar ag gearradh táillí uisce ar áitritheoirí tí an bhliain seo chugainn. Tuigtear go ngearrfar thart ar chéad seachtó cúig euro sa bhliain ar dhaoine agus go méadófar an tsuim anois de réir úsáide.

b. Cuir na briathra seo a leanas san aimsir chuí den bhriathar saor.

1. Rinneadh	Aimsir fháistineach
2. Dáilfear	Aimsir chaite
3. Úsáidfear	Aimsir láithreach
4. Tosófar	Aimsir chaite
5. Fógrófar	Aimsir láithreach

c. Anois scríobh an leagan diúltach den bhriathar saor, aimsir fháistineach díobh seo a leanas.

1. Abair
2. Scaoil
3. Ainmnigh
4. Ceannaigh
5. Leag
6. Imigh

Ceist 5 Líon na bearnaí leis na focail chearta thíos.

D'fhógair sé inniu go bhfuil trí chéad _____ euro le cur ar fáil don chóras píopaí uisce leis an_____ seo. Tá na hÚdaráis_____ i mbun plean caomhnaithe uisce a chur le chéile. Dáilfear an t-airgead seo de réir_____ agus_____ an Roinn Comhshaoil na háiteanna go mbeidh an t-airgead seo á chaitheamh ag deireadh mhí _____.

tosaíochta, milliún, fógróidh, áitiúla, Feabhra, athbhreithniú,

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó mar ghrúpa.

An bhfuil sé ceart táillí uisce a ghearradh ar dhaoine?
An gceapann tú go bhfuil an rialtas ag déanamh míbhainistíochta ar airgead na tíre?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Déan na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7
c	g	f	b	a	e	d

Ceist 3 1. Tá breis agus leath den uisce ag dul amú i gcontae Chorcaí agus Ros Comáin.

2. Píopaí lochtacha is cúis leis.
3. Tá trí chéad milliún euro curtha ar fáil don chóras píopaí uisce leis an athbhreithniú seo.
4. Tá na hÚdaráis áitiúla i mbun plean caomhnaithe uisce a chur le chéile.
5. Fógrófar na háiteanna a chaithfear an t-airgead ag deireadh mhí Feabhra.
6. Cosnaíonn an córas uisce billiún euro in aghaidh na bliana.

Ceist 4

a. Bailítear aon cheathrú milliún euro ó tháillí uisce a **ghearrtar** ar lucht gnó. **Meastar** go **dtosófar** ag gearradh táillí uisce ar áitritheoirí tí an bhliain seo chugainn. **Tuigtear** go **ngearrfar** thart ar céad seachtó cúig euro sa bhliain ar dhaoine gus go **méadófar** an tsuim anois de réir úsáide.

b.

1. Déanfar
2. Dáileadh
3. Úsáidtear
4. Tosaíodh
5. Fógraítear

c.

1. Ní déarfar
2. Ní scaoilfear
3. Ní ainmneofar
4. Ní cheannófar
5. Ní leagfar
6. Ní imeofar

Ceist 5

D'fhógair sé inniu go bhfuil trí chéad **milliún** euro le cur ar fáil don chóras píopaí uisce leis an **athbhreithniú** seo. Tá na hÚdaráis **áitiúla** i mbun plean chaomhnú uisce a chur le chéile. Dáilfear an t-airgead seo de réir **tosaíochta** agus **fógróidh** an Roinn Comhshaoil na háiteanna go mbeidh an t-airgead seo á chaitheamh ag deireadh mhí **Feabhra**

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Fáilte ar ais go Nuacht TG4. Caithfear trí chead milliún euro thar thréimhse trí bliana ar phíopaí nua uisce a leagan in áit na gcinn a phléasc le linn na drochaimsire. Dúirt an tAire Comhshaoil John Gormley nach bhfuil sé inghlactha go mbeadh leath den soláthar uisce ag dul amú i roinnt contaetha de bharr seanphíopaí lochtacha. Contae Ros Comáin agus Cathair Chorcaí is measa atá, áit a bhfuil breis is leath den uisce sna ceantair[1] sin ag dul le fán.
Seo í Irene Ní Nualláin

Irene Ní Nualláin

Rinneadh athbhreithniú ar sheirbhísí uisce na tíre anuraidh. Dúirt an tAire Comhshaoil John Gormley ag an am, nach raibh sé den tuairim go raibh an Roinn ag fáil luach a cuid airgid ón gclár. Ag an am, bhí sé ag iarraidh tosaíocht a thabhairt do scéimeanna píopaí nua a chur isteach in áit na seanphíopaí lochtacha[2]. D'fhógair sé inniu go bhfuil trí chéad milliún euro le cur ar fáil don chóras píopaí uisce leis an athbhreithniú seo. Tá na hÚdaráis áitiúla i mbun plean caomhnaithe[3] uisce a chur le chéile. Dáilfear an t-airgead seo de réir tosaíochta agus fógróidh an Roinn Comhshaoil na háiteanna[4] go mbeidh an t-airgead seo á chaitheamh ag deireadh mhí Feabhra
Úsáidfear an t-airgead le bainistiú a dhéanamh ar uisce phíopaí nua le nach mbeidh seanphíopaí ag sceitheadh uisce feasta. Mhéadaigh buiséad uisce an rialtais ó chúig[5] chéad milliún euro anuraidh go dtí cúig chéad is a hocht milliún i mbliana. Chomh maith leis an obair dheisiúchán seo, tosófar ar mhéadair uisce a úsáid. Cosnaíonn córas uisce na tíre billiún euro gach uile[6] bhliain. Bailítear aon cheathrú milliún euro ó tháillí[7] uisce a ghearrtar ar lucht gnó. Meastar go dtosófar ag gearradh táillí uisce ar áitritheoirí tí an bhliain seo chugainn. Tuigtear go ngearrfar thart ar chéad seachtó cúig euro sa bhliain[8] ar dhaoine gus go méadófar an tsuim anois de réir úsáide.
Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath

[1] Ceantracha a deirtear
[2] Lochtach a deirtear
[3] Chaomhnú a deirtear
[4] Na háiteacha a deirtear
[5] Ó cúig a deirtear
[6] Chuile a deirtear
[7] Ó táillí a deirtear
[8] Sa mbliain a deirtear